Nuacht Neasáin

Nollaig 2014

Dátaí don Dialann

Dates for your diary

Briseadh Mean Téarma / Mid Term

19-20 Feabhra / February

Beidh an scoil dúnta

An Chéad Chomaoineach / 1st Communion

25 Aibreán / April 11.30r.l.

An Cóineartú / Confirmation

25 Márta/March 11.30r.l.

Oíche Mhór Shóisialta / Social Night

27 Feabhra / February

Óstán an Grand, Mullach Íde

CD na scoile

Is féidir an CD scoile a cheannacht freisin ar an suíomh idirlín trí nasc na scoile a bhrú. Costas €10.

Buíochas do Victoria Mhic Liam a réitigh málaí áille labhandair agus a bhailigh €110 don scoil ag ócáid Dhaidí na Nollag.

Many thanks to Victoria Mhic Liam who raised €110 for the school with her lavender bags during Daidí na Nollag's visit.

Nuacht agus Fógraí Ginearálta

Tá an chéad téarma nach mór curtha dínn againn agus sinn ar fad ag súil go mór leis na laethanta saoire. Bhí téarma an-ghnóthach againn ar fad agus buaicphointe gan amhras i mbliana ná an dá bhua iontach sin i bPáirc an Chrócaigh ar an 3 Samhain.

Guíonn foireann na scoile Nollaig faoi shéan agus faoi mhaise oraibh ar fad agus bliain úr mhaith. Beidh na laetha saoire ag tosnú ag 11.45 ar an 19 Nollaig.

Cuairt Dhaidí na Nollag

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le Gaeloideas as an ócáid álainn a reáchtáil siad ar an 30 Samhain nuair a d'fháiltigh siad roimh Dhaidí na Nollag anseo i Scoil Neasáin. Bhí an scoil draíochtúil an mhaidin sin, maisithe go gleoite, scuainí an-eagraithe agus grianghraif tógtha agus seolta cheana féin ag clanna na scoile. Ní tharlaíonn a leithéid d'ócáid gan go leor pleanála agus eagrú agus táimid go mór faoi chomaoin ag Gaeloideas agus ag Cumann na dTuistí a chabhraigh an lá sin. Bhí daoine ag obair i gcaitheamh na deireadh seachtaine agus níor críochnaíodh suas go dtí 5.00i.n. tráthnóna Domhnaigh.

D'eagraigh Gaeloideas féilirí arís i mbliana agus rinne Mairéad Uí Shúilleabháin agus Áine Ní Bhrádaigh ó choiste Ghaeloidis an-chuid oibre ag comhordú na dtionscnamh go léir. Tá roinnt féilirí fós ar fáil ó oifig on rúnaí. Tá grianghraf de gach rang sa scoil agus sa naíonra air, grianghraf a ghlac Yvonne Ní Shioradáin níos luaithe i mbliana.

Drámaí agus Aifreann na Nollag

Beidh drámaí á léiriú ag na naíonáin agus R1 sa halla ar an Mháirt, 16/12 @11.00. Beidh fáilte roimh thuismitheoirí na ranganna sin.

Léifear Aifreann na Nollag sa halla ag 10.30 ar an 17/12. Bíonn roinnt suiocháin ar fáil ag an Aifreann do thuistí más maith leo bheith linn.

With the first term over us we are all looking forward to the Christmas holidays. We have had a very busy term with the highlight being the double win in Croke Park for the boys' and girls' teams on the 3rd November.

The staff would like to wish everybody a happy and peaceful Christmas and a very happy new year. Christmas holidays will begin on the 19th December at 11.45.

Cuairt Dhaidí na Nollag

We would like to thank Gaeloideas sincerely for the wonderful occasion which they organised in the school on the 30th November when they welcomed Daidí na Nollag to the school in style. The place was magical, decorated beautifully, queues well managed and photographs taken and emailed promptly. Such an occasion does not happen without considerable planning and organising and we are deeply grateful to Gaeloideas and to Cumann na dTuismitheoirí who helped that morning. Volunteers worked all weekend and did not finish up until after 5.00 on Sunday evening. Gaeloideas also organised the school calendars this year and Mairéad Uí Shúillebhain and Áine Ní Bhrádaigh did a huge amount of work co-ordinating the various projects. A few calendars are still available from the office or to purchase via the Gaeloideas EPP link on the school website. Every class' photo is in the calendar again, the photos were taken this year by Yvonne Ní Shioradáin.

Drámaí agus Aifreann na Nollag

N1,N2 and R1 will perform their short plays in the school hall on Tuesday 16/12 at 11.00a.m. Parents are welcome to attend.

An tAthair Caoimhín will read the Christmas mass on Wednesday, 17/12 at 10.30a.m. There are a limited number of seats available for parents who wish to attend.

Beidh Rang 6 ag canadh carúil le Jennifer agus Seán ag an Ospais i Rath Eanaigh Dé Luan seo chugainn. Ócáid bhliantúil a bhíonn i gceist anseo.

Rang 6 along with Jennifer and Seán will sing carols at the hospice in Raheny on Monday next. This is an annual event every year.

Nollaig Shona agus athbhliain faoi mhaise do chách

Bhí R1 i Liffey Valley an tseachtain seo caite ag cuidiú le Coláiste Lurgan agus iad i mbun fiseáin Nollag. Bhí an-lá go deo acu ar fad agus tá an físeán le feiceáil anois ar chainnéal YouTube an Choláiste.

Rang 1 spent last Wednesday in Liffey Valley helping Coláiste Lurgan with their latest Christmas video. They all had a great day and the video can be viewed currently on Coláiste Lurgan's own channel on YouTube

.

Déanaimid comhghairdeas le Múinteoir Tara agus a fear céile, Pádraig ar bhreith a mic Charlie i mí Meán Fómhair. Bhí siad ar cuairt againn le déanaí iad beirt in ard-form. *Congratulation to Múinteoir Tara and her husband, Pádraig on the birth of their son, Charlie in September. Mother and baby were visiting recently and are both in great form.*

Guímid adh mór ar Mhúinteoir Jennifer agus Pádraig (beirt iarscoláire) atá ag pósadh ar an 20 Nollaig.

Best wishes to Múinteoir Jennifer and Pádraig who are getting married on the 20th December.



Craobhacha Pháirc an Chrócaigh

Bhí an-lá againn i bPáirc an Chrócaigh nuair a bhuaigh foirne na scoile dhá chraobh ar an 3 Samhain. Léirigh an dá fhoireann an-spiorad ar an lá agus bhí an lucht tacaíochta thar cinn. Táimid an-bhródúil as an scoil agus go háirithe as na peileadóirí ar fad a bhí ag traenáil ó thús na bliana. Buíochas ar leith do chuile dhuine a chabhraigh leis an traenáil sin - Seán, Shane, Tomás, Joanne, Deirble, JP, Aodán agus Valerie agus dos na páistí a thug suas a gcuid ama gach seachtain le bheith páisrteach ar fhoireann na scoile.

Buíochas ar leith don Chomhar Creidmheasa a rinne urraíocht ar na barr traenála agus ar bhusanna na foirne. Táimid go mór faoi chomaoin acu as an tacaíocht ar fad a thugann said don scoil agus as an scéim coigiltis a ritheann siad sa scoil.

Tá sé i gceist againn DVD a bheith ar fáil le físeán de na cluichí agus grianghraif sar i bhfad.

We had a great day in Croke Park on the 3rd November when the two school teams won their respective finals. Both teams displayed competitive spirit on the field and the support was fantastic. We are very proud of of the school and in particular the footballers who have been training since the beginning of the year. A big thanks to all who were involved in training, Seán, Shane, Tomás, Joanne, Deirble, JP, Aodán & Valerie and to the children who gave of their time everyweek to be part of the team.

A special thanks to the Member First Credit Union who sponsored the training tops and the transport to the matches. We are indebted to them for all the support they offer the school.

We intend making a DVD available of the matches and photos from the day.

An Brat Glas

Beidh tús á chur le hiarratas na scoile ar an gcúigiú Brat Glas a fháil sa bhliain nua. Tá an-obair déanta thar na blianta ar athchúrsáil, caomhnú fuinnimh, cúrsaí uisce, taistil agus an chéad téama eile atá á inniúchadh againn ná bithéagsúlacht go háirithe mar a bhaineann le ceantar na scoile. Tá go leor oibre déanta sna ranganna air seo le cuairteanna ar Pháirc Naomh Áine agus Oileán an Bhulla agus táimid ag díriú ar an mbithéagsúlacht taobh istigh den scoil fein chomh maith le dul siar ar na téamaí a bhí idirláimh againn roimhe seo. Buaileann an Coiste Glas le hAisling agus Máire go rialta

We are continuing work on our fifth green flag application after Christmas. We have done a lot of work over the years on recycling, energy efficiency, water conservation, travel and our new theme now is bio-diversity especially in relation to the area surrounding the school. Certain classes have already spent time examining the flora and fauna in St Anne's Park, on Bull Island and we have engaged with the OWLS service also to direct us in this area. We are focusing on the bio-diversity in the immediate school grounds as well as revising all our previous themes.

Athoscailt na Scoile / School re-opening 05/01/2015

Obair sna Ranganna

Tá an-obair ar siúl sna ranganna éagsúla go háirithe mar a bhaineann le lámhobair. Tá R6 i mbun cniotála le cuidiú ó Mhúinteoir Bríd agus léirigh said an-spéis I ndathú olann a bhí ar bun ag Máire an rúnaí leo. Tá Rang 3 ag fúáil maisiúcháin Nollag gleoite faoi láthair.

Chomh maith leis sin tá an-chuid páistí ar fud na scoile i mbun scríbhneoireachta agus saothair áille cruthaitheacha á scríobh acu. Molaimid uilig iad.

There is wonderful work taking place in the various classes coming up to Christmas. R6 are busy knitting with Múinteoir Bríd and making great progress. They were especially interested in the dying of yarn with Máire an Rúnaí scoile. R3 are currently sewing beautiful Christmas decorations. Throughout the school there are budding young authors producing imaginative written pieces. They are all to be commended for their work.

Caint ar Shábháilteacht Idirlín / Internet Safety

Rinne Sorcha Nic an Taoisigh cur i láthair an-mhaith do pháistí R3 – 6 ar shábháilteacht idirlín le déanaí. Is áis iontach é an t-idirlíon ach tá dualgas agus freagracht orainn ar fad mar dhaoine fásta ár bpáistí a thraenáil, a chosaint agus monatóireacht seasta a dhéanamh ar an ngíomhaíocht atá ar bun acu ar líne.

Sorcha Nic an Taoisigh gave a wonderful presentation to R3 - 6 on internet safety last week. The internet is a wonderful resource but we are all charged with a responsibility, as adults, to ensure that we educate and train our children with regard to internet usage, that we keep them safe and that we monitor closely their online activity.